

Maigh Dearmhaí

1.0 Comhthéacs/Nádúr an tSráidbhaile

Sráidbhaile tuaithe meánmhéide é Maigh Dearmhaí atá suite in oirdheisceart Chontae na Mí. Ritheann an Bhóinn thart ar 2km siar ó Mhaigh Dearmhaí agus ritheann a Abhainn Dhubh soir ó theorainn na forbartha. Eascaíonn cáilíochtaí taitneamhachta agus oidhreacht Mhaigh Dearmhaí den chuid is mó ó cháilíocht lár an tsráidbhaile. Ba mar bhaile margaidh a tháinig Maigh Dearmhaí chun cinn agus freastalaíonn sé ar an limistéar tuaithe mórthimpeall den chuid is mó. Tá an príomhshráid stairiúil suite soir ó dheas a bheag nó a mhór agus tá faiche mhór sráidbhaile de chruth triantáin ag an gceann thiar agus reilig ag an gceann thoir. Cé go soláthraíonn an Sráidbhaile leibhéal measartha áiseanna agus seirbhísí, tá cuid mhór aonad folamh agus foirgneamh dearóil a bhaineann ó thimpeallacht an tsráidbhaile.

Áit san Ordlathas lonnaíochta	Sráidbhaile		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	1,378	1,581	Méadú 14.7% ar dhaonra
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	104		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	68		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta.	530		
Áiseanna Oideachais	Bunscoil Niocláis, Meánscoil Naomh Fintina, Montessori.		
Saoráidí Pobail	Eaglais, Reilig, Comhar Creidmheasa, Halla Paróiste, Stáisiún Gardaí, Crèche, ionad sláinte, láthair CLG, láthair sacair, agus Oifig Poist.		
Limistéar Comhaontais Ailtireachta	Sea. Cuimsíonn an teorainn LCA do Mhaigh Dearmhaí príomhshráid an tsráidbhaile atá suite i dtreo soir siar a bheag nó a mhór.		
Déanmhais Chosanta	TSC MH047-207 Stáisiún na nGardaí TSC MH047-209 Iarfhoirgneamh Clochair TSC MH047-211 Teach Tábhairne PJ Dargan TSC MH047-212 Teach Scoite TSC MH047-213 Siopa/Teach PJ Dargan TSC MH047-214 Eaglais Chaitliceach Mhuire TSC MH047-215 Reilig Mhuire		
Toilleadh Bonneagair	Ionad Cóireála Uisce Mhaigh Dearmhaí - Acmhainn ar fáil. Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhaigh Dearmhaí - Acmhainn Theoranta ar fáil.		

Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Sea. Briseann criosanna tuile A agus/nó B isteach ar thailte i ndeisceart an tsráidbhaile.
Láithreáin Natura 2000	Níl. Is é an láithreán Natura 2000 is gaire ná Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe thart ar 2km siar ó thuaidh.
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Níl

2.0 Fís

Is í an fhís atá i gceist um fhorbairt Mhaigh Dearmhaí thar shaolré an Phlean Forbartha ná lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus a neartú trí hoibreacha um feabhsú an réimse phoiblí, nascacht sa sráidbhaile a mhéadú agus tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt inlíonta agus talún cúil agus d'athúsáid foirgneamh dearóil. Aithnítear freisin go bhfuil caomhnú agus feabhsú thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile d'fhorbairt inbhuanaithe an tsráidbhaile amach anseo.

3.0 Deiseanna

Tá cáilíochtaí suntasacha taitneamhachta agus oidhreachta ag Maigh Dearmhaí, agus tá cáilíochtaí deartha uirbigh ag lár an tsráidbhaile ar féidir a fheabhsú trí hoibreacha um feabhsú an réimse phoiblí. Tá raon seirbhísí ag an sráidbhaile ach is féidir ceangail inbhuanaithe eatarthu (e.g. siúl agus rothaíocht) agus limistéir chónaitheacha a fheabhsú. Tá gá le hinfheistíocht i gcóireáil fuíolluisce chun forbairt chónaitheach a éascú. Déantar freastal maith ar Mhaigh Dearmhaí ó thaobh áiseanna agus seirbhísí pobail. Tá siad siúd ar an taobh thoir den sráidbhaile go príomha agus tá scóip ann fós chun naisc a fheabhsú eatarthu siúd agus limistéir chónaitheacha timpeall an tsráidbhaile.

Tá Maigh Dearmhaí 2km soir ó uiscir na Bóinne ag an acomhal leis an gCanáil Ríoga. San áit is gaire atá sé, tá an Chanáil Ríoga thart ar 720 méadar ó theorainn forbartha an tsráidbhaile. Tá deis ann naisc chaithimh aimsire agus turasóireachta idir an dá háit a fheabhsú.

4.0 Straitéis Úsáid Talún

Is í aidhm an straitéis um úsáid talún le haghaidh Mhaigh Dearmhaí ná timpeallacht thógtha atá tarraingteach agus sainiúil a choimeád agus cur leí, ar timpeallacht í lena gcruthaítear mothú uathúil áite dóibh siúd atá ina gcónaí agus ag obair sa sráidbhaile chomh maith leo siúd a thugann cuairt air. Bainfear é sin amach trí dhéileáil go hígair le forbairt inlíonta agus trí chaomhnú foirgneamh tábhachtach nó lárnach go háirithe laistigh den Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Tá sé riachtanach lár sráidbhaile atá dlúth agus bríomhar a chur ar fáil má tá Maigh Dearmhaí chun freastal ar riachtanais a daonra faoi láthair agus amach anseo ar bhealach inbhuanaithe.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tháinig méadú faoi sheacht ar dhaonra Mhaigh Dearmhaí idir 1996-2011 (ó 186 go 1,378 duine) agus chuir sé sin brú mór ar an timpeallacht fhisiceach agus shóisialta. Éascófar fás incriminteach agus nádúrtha thar thréimhse an Phlean Forbartha seo. Agus aird á tabhairt ar an leithdháileadh tithíochta don sráidbhaile sa Chroí-straitéis (121 aonad cónaithe) agus fáil láithreán inlíonta agus talún cúil tá dóthain talún criosaithe i Maigh Dearmhaí chun freastal ar riachtanais tithíochta an tsráidbhaile le linn shaolré an Phlean Forbartha.

4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Soláthraíonn an sráidbhaile do raon leordhóthanach de sheirbhísí miondíola / gnó atá ag teacht den chuid is mó lena sheasamh leibhéal 4 in ordlathas miondíola an Chontae. Áirítear leo siúd cógaslann (díreach lasmuigh den sráidbhaile), adhlacóirí, bialann beir leat, dhá shalón gruaige, oifig poist, siopa áise, geallghlacadóir, dhá theach tábhairne, comhar creidmheasa, siopa seandachtaí agus siopa cruu-earraí. Tá sé le tabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil cuid mhór foirgneamh folamh sa sráidbhaile agus go leor foirgneamh dearóil nó foirgneamh nach mbaintear dóthain úsáide astu. Tá scóip ann freisin um fás breise miondíola/gnó i gcás go dtiocfadh an gá/an t-éileamh chun cinn agus tugann aonaid fhoilmhe agus láithreáin talún cúil i lár an tsráidbhaile deis é sin a bhaint amach. Féachtar freisin sa straitéis bheartaithe um úsáid talún chuig lár gnó an tsráidbhaile a choimeád agus limistéar um méadú aitheanta ar Bhóthar an Bhóthair Bhuí os comhair sheanláithreán na meánscoile. Mar sin tá dóthain talún ainmnithe um úsáid lár sráidbhaile.

4.3 Bonneagar

Freastalaíonn Ionad Cóireála Uisce agus Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhaigh Dearmhaí ar an sráidbhaile faoi láthair. Tá acmhainn sa soláthar uisce ach níl ach acmhainn theoranta ann maidir le cóireáil fuíolluisce. Ba cheart gach togra forbartha a mheas i gcomhthéacs an acmhainn soláthair fuíolluisce agus uisce atá ar fáil.

4.4 Gluaiseacht

Cé go dtagann go leor bóithre le chéile i lár an tsráidbhaile, is gá tréscailteacht amach ó na bóithre sin a fheabhsú. Tá deis mhór ann bealaí rothaíochta/siúil a fhorbairt amach ó na príomhbhóithre chun naisc a fheabhsú idir úsáid pobail/oideachais agus spásanna oscailte.

Ó thaobh iompair phoiblí, tá sé ríthábhachtach naisc bhus iompair phoiblí a chruthú chun cinntiú go bhfuil deighilt córa níos fearr i bhfabhar iompair phoiblí seachas na mótarfheithicle príobháidí. Sonraítear go stadann an tseirbhís bus 115/115A ó Bhaile Átha Cliath go Muileann gCearr i Maigh Dearmhaí. Bheadh soláthar sheirbhís bus sceidealaithe ó Mhaigh Dearmhaí chuig an stáisiún iarnróid sa Bhóthar Buí ina thairbhe. Anuas air sin, tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfadh sráidbhaile de mhéid Mhaigh Dearmhaí dea-naisc iompair le limistéir uirbeacha mórthimpeall air, chun daonra agus deiseanna gnó féideartha a tharraingt sa toadhcháil.

4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Ta sé tábhachtach go leanfaí ar aghaidh ag cosaint oidhreacht thógtha Mhaigh Dearmhaí chun go mbeadh an sráidbhaile féin rathúil agus inmharthana. Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá i lár an tsráidbhaile. Freisin tá roinnt foirgneamh sa sráidbhaile atá ar Thaifead na Struchtúr Cosanta (TSC). Ceann de na foirgnimh is suntasaí ná an Eaglais Chaitliceach.

Níl aon láithreán Natura 2000 sa sráidbhailels iad na láithreáin is gaire ná Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe atá thart ar 2km soir ó thuaidh uaidh.

D'uillmhaigh an Chomhairle Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Pobail i gcomhar leis an bpobal áitiúil. Is í aidhm an Phlean ná feasacht a ardú faoin mbithéagsúlacht agus an pobal áitiúil a chumhachtú chun gníomhartha a ghlacadh um chaomhnú agus feabhsú na bithéagsúlachta ina limistéar áitiúil.

Freisin tá clampaí crainn ann ar fiú iad a chosaint.

4.6 Bonneagar Glas

Baineann an sráidbhaile leas as go leor áiteanna spáis oscailte struchtúracha/tírdhreachaithe de chaighdeán ard: Faiche an Aonaigh, an spás glas mór atá leagtha amach os comhair na reilige, an spás oscailte agus na crainn laistigh de Gharrán na Giúise, agus an spás oscailte líneach a ritheann ó theas ó Mhainéar Bhreacach na Riathí taobh leis an sruthán. Is féidir leis na spásanna oscailte reatha creat a chur ar fáil um forbairt líonra gluaiseachta glaise sa sráidbhaile.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Baineann an sráidbhaile leas as dhá champas scoile nua; Bunscoil Niocláis agus Meánscoil Naomh Fintina. Laistigh den sráidbhaile tá stáisiún Gardaí, oifig poist agus ionad pobail. Tá páirc sacair ann agus s ionann láthair CLG atá suite siar ón sráidbhaile agus achar mór de spás oscailte caithimh aimsire. Bheadh forbairt clóis súgartha ina thairbhe chun bonneagar sóisialta an tsráidbhaile a fheabhsú, i dteannta le naisc rothaíochta/siúil a fheabhsú.

D'fhéadfadh an seanláithreán scoile freastal ar riachtanais bhreise bonneagair shóisialta i gcás go dtiocfadh an t-éileamh chun cinn. Creideann an Chomhairle go bhfuil dóthain tailte curtha in áirithe do bhonneagar sóisialta/pobail chun freastal ar dhaonraí an lae inniu agus na todhchaí le linn shaolré an Phlean Forbartha.

Freisin aithnítear an Plean um Athnuachan Phobal Mhaigh Dearmhaí mar phlean ina leagtar amach mianta an phobail don sráidbhaile.

4.8 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Tá príomhshráid leathan sa sráidbhaile agus gníomhaíonn sí sin mar phointe lárnach nádúrtha, agus Faiche an Aonaigh suite díreach thairis sin. Tá lár an tsráidbhaile sainithe go maith agus coimeádann sé carachtar sráidbhaile tuaithe. Léiríonn Limistéar Caomhantais Ailtireachta an tSráidbhaile sin. Tá gnéithe deartha agus ábhair traidisiúnta le feiceáil i go leor foirgneamh. Ba inmhianaithe go bhfeabhsófaí an réimse poiblí agus an tsráid-dreach chun carachtar an tsráidbhaile a fheabhsú, ceannas iarbhír/braite bóithre agus feithiclí a laghdú agus cuma an tsráidbhaile a fheabhsú.

5.0 Cuspóirí Forbartha do Bhailte/Shráidbhailte

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle é

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS MD 1	Forbairt inbhuanaithe Mhaigh Dearmhaí a chur chun cinn mar lonnaíocht dhlúth ag a bhfuil timpeallacht atá oiriúnach do choisithe agus rogha de bhealaí úsáide talún agus de thaitneamhachtaí agus ag an am céanna
----------	---

oidhreacht thógtha agus nádúrtha a chosaint agus freastal ar riachtanais gach coda den phobal áitiúil chun cinntiú go bhforbraíonn an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe, mar áit tharraingteach um chónaí, obair, chaitheamh aimsire agus cuairt.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS MD 1	Cur i bhfeidhm Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a bhaint amach, an oiread agus is féidir trí chinntiú nach sáraítear an leithdháileadh teaghlaigh do Mhaigh Dearmhaí mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUS MD 2	Tacú le forbairt chónaitheach agus í a mholadh ar thalamh nach mbaintear dóthain úsáide aisti agus/nó tailte foilmhe, lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta; faoi réir caighdeáin ard de dheardh agus de leagan amach a bheith bainte amach.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS MD 3	Deiseanna um chruthú fiontar a chur chun cinn agus tionscnaimh um chruthú post a chur chun cinn ar aon dul le fás inbhuanaithe Mhaigh Dearmhaí agus ar thalamh atá criosaithe agus seirbhísithe go cuí.
CUS MD 4	Tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt inlíonta agus talún cúil chun freastal ar riachtanais ghnó an tsráidbhaile le linn shaolré an Phlean Forbartha.
CUS MD 5	Lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú um úsáid le haghaidh gnó.
CUS MD 6	Soláthar Ionaid Fiontraíochta le haghaidh Mhaigh Dearmaí nó áis dá leithéid a éascú.

Bonneagar

CUS MD 7	Idirchaidreamh a dhéanamh le hUisce Éireann agus tacú leo chun seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar le freastal ar riachtanais fhorbartha an tsráidbhaile laistigh de thréimhse an Phlean.
CUS MD 8	Riosca i gcás tuilte agus forbairt a bhainistiú ar aon dul leis an Measúnú Straitéiseach ar Riosca i gcás Tuilte. (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chúil agus Measúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile).

Gluaiseacht

CUS MD 9	Féachaint chuig soláthar thrasrian coisithe lasmuigh d'Eaglais Chaitliceach Mhuire a éascú.
CUS MD 10	Féachaint chuig stad bus le scáthlán a sholáthar sa sráidbhaile i dteannta leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

CUS MD 11	Féachaint chuig cosán coisithe/rothaíochta a éascú ar an sruthán a rithfeadh ó theas ó Mhainéar Bhreacach na Raithní agus thar Lána Ribbontail agus a nascfadh an sráidbhaile agus an Chanáil Ríoga.
CUS MD 12	Bearta cuí um bainistíocht tráchta agus feabhsú timpeallachta a chur i bhfeidhm ar fud an tsráidbhaile.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS MD 13	É a dhéanamh ina cheangal go mbeadh gach beartas forbartha laistigh de LCA nó le taobh LCA báuil le carachtar an limistéir, go mbeadh an dearadh cuí i dtaobh airde, scála, dlús ceapaigh, leagan amach, ábhair agus críochanna agus go mbeadh sí suite agus deartha go cuí i dtaobh na comhairle atá tugtha sa Ráiteas faoi Charachtar Limistéar Ailtireachta Mhaigh Dearmhaí.
CUS MD 14	Conairí fiadhúlra reatha a chosaint lena n-áirítear sruthchúrsaí, bogaigh, crainn agus fála scean agus conairí nua taobh le cosáin choisí / rothaíochta a chur chun cinn.
CUS MD 15	Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta de chuid Phobal Mhaigh Dearmhaí 2016-2020 a éascú agus tacú leis.
CUS MD 16	Ceangail a chur chun cinn, trí hoibreacha comharthaí agus feabhsúcháin bóthair, ón sráidbhaile thar Bhealach Ribbontail chuig an gCanáil Ríoga.
CUS MD 17	Crainn a chosaint atá aitheanta ar an léarscáil de chriosú úsáid talún lena n-áirítear iad siúd ó thuaidh ó Fhaiche an Aonaigh agus laistigh de Gharrán na Giúise.
CUS MD 18	Oibreacha a éascú a chuireann le Faiche an Aonaigh mar bhinsí picnice, bána páirceála, seastáin rothair agus cosáin tríd an bhFaiche / taobh leis.

Sóisialta

CUS MD 19	Áiseanna/bonneagar pobail reatha a chosaint áit is cuí agus tacú lena bhforbairt agus a méadú breise má theastaíonn.
CUS MD 20	Tacú le soláthar pháirc/chlós súgartha pobail.
CUS MD 21	Athfhorbairt an láithreán ina mbíodh Scoil Naomh Fintina agus na tailte taobh leis a chur chun cinn agus béim faoi leith curtha ar nascacht agus lár an tsráidbhaile a atreisiú.
CUS MD 22	Cur i bhfeidhm an Phlean um Athnuachan Phobal Mhaigh Dearmhaí a éascú agus tacú leis agus le tionscadail eile faoi stiúir an phobail agus cinní go bhfuil na tionscadail a eascraíonn astu siúd ar aon dul leis na spriocanna forbartha atá sa Ráiteas Scríofa seo don sráidbhaile.

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS MD 23	Lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus déine na forbartha laistigh de a mhéadú, go háirithe ar láithreáin talún cúil, faoi réir cheanglais na forbartha bainistíochta.
CUS MD 24	Oibreacha feabhsúcháin ar an réimse poiblí i lár an tsráidbhaile a éascú agus béim curtha ar cheansú tráchta chun cothrom níos fearr a bhaint amach idir riachtanais an choisí / an rothaí / an iompair poiblí agus riachtanais an chairr phríobháidigh. I measc na mbeart a d'fhéadfadh a bheith san áireamh tá "glasú" an tsráidbhaile le crainn dhúchasacha, cosáin a leathnú amach, páirceáil uilinne a thabhairt isteach, trasrian(ta) chun an tsráid a shainiú, soilse poiblí feabhsaithe agus dromchlú uigeach.
CUS TUA 25	Sainchomharthaí/pointí lárnaigh i Maigh Dearmhaí a fheabhsú trí láithreáin a ndearnadh faillí orthu agus limistéir tréigthe a athfhorbairt.
CUS MD 26	Coiméad éadain tosaigh na siopaí agus na dtithe tábhairne a mholadh, nó éadain traidisiúnta siopa áit ar cuireadh isteach cinn nua de dhrochchaighdeán.